| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Cuir** an cupán ar an mbord. | **Put** the cup on the table. |
| | **Cuirigí** an cupán ar an mbord. | [Y'all] **put** the cup on the table. |
| **2.** | **Chuir** mé an cupán ar an mbord. | I **put** the cup on the table. |
| | **Ar chuir** tú an cupán ar an mbord? | **Did** you **put** the cup on the table? |
| | Chuir / Níor chuir | Yes / No |
| | **Nár chuir** sé an cupán ar an mbord? | **Didn't** he **put** the cup on the table? |
| | **Níor chuir** sí an cupán ar an mbord. | She **didn't put** the cup on the table. |
| | **Chuireamar** an cupán ar an mbord. | **We put** the cup on the table. |
| | **Ar chuir** sibh an cupán ar an mbord? | **Did** y'all **put** the cup on the table. |
| | **Chuir** siad an cupán ar an mbord. | They **put** the cup on the table. |
| | **Cár chuir** tú an cupán? | **Where did** you **put** the cup? |
| **3.** | **Cuirim** an cupán ar an mbord. | **I put** the cup on the table. |
| | An **gcuireann** tú an cupán ar an mbord? | **Do** you **put** the cup on the table. |
| | Cuirim (cuireann) / Ní chuirim (chuireann) | Yes / No |
| | **Nach gcuireann** sé an cupán ar an mbord? | **Doesn't** he **put** the cup on the table? |
| | **Ní chuireann** sí an cupán ar an mbord. | She **doesn't put** the cup on the table. |
| | **Cuirimid** an cupán ar an mbord. | **We put** the cup on the table. |
| | **An gcuireann** sibh an cupán ar an mbord? | **Do** y'all **put** the cup on the table. |
| | **Cuireann** siad an cupán ar an mbord. | They **put** the cup on the table. |
| | **Cá gcuireann** tú an cupán? | **Where do** you **put** the cup? |
| **4.** | **Cuirfidh** mé an cupán ar an mbord. | I **will put** the cup on the table. |
| | An **gcuirfidh** tú an cupán ar an mbord? | **Will** you **put** the cup on the table. |
| | Cuirfidh / Ní chuirfidh | Yes / No |
| | **Nach gcuirfidh** sé an cupán ar an mbord. | **Won't** he **put** the cup on the table? |
| | **Ní chuirfidh** sí an cupán ar an mbord. | She **won't put** the cup on the table. |
| | **Cuirfidh** muid an cupán ar an mbord. | We **will put** the cup on the table. |
| | **An gcuirfidh** sibh an cupán ar an mbord? | **Will** y'all **put** the cup on the table. |
| | **Cuirfidh** siad an cupán ar an mbord. | They **will put** the cup on the table. |
| | **Cá gcuirfidh** tú an cupán? | **Where will** you **put** the cup? |
| **5.** | **Chuirfinn** an cupán ar an mbord. | **I would put** the cup on the table. |
| | **An gcuirfeá** an cupán ar an mbord? | **Would you put** the cup on the table. |
| | Chuirfinn / Ní chuirfinn | Yes / No |
| | **Nach gcuirfeadh** sé an cupán ar an mbord? | **Wouldn't** he **put** the cup on the table? |
| | **Ní chuirfeadh** sí an cupán ar an mbord. | She **wouldn't put** the cup on the table. |
| | **Chuirfimis** an cupán ar an mbord. | **We would put** the cup on the table. |
| | **An gcuirfeadh** sibh an cupán ar an mbord? | **Would you put** the cup on the table. |
| | **Chuirfidís** an cupán ar an mbord. | They **would put** the cup on the table. |
| | **Cá gcuirfeá** an cupán? | **Where would you put** the cup? |
| **6.** | Tá sé ag **cur** báistí. | It's raining (**putting** rain). |
| | Cá bhfuil an cupán **curtha** agat? | Where **have** you **put** the cup? |

## Comhrá 1

A: An maith leat bheith **ag siúl**?
B: Is maith. **An siúlfá** liom áit éigin?
A: **Shiúlfainn** agus fáilte!
B: **Ar shiúil** tú i bPark Balboa riamh?
A: **Níor shiúil**. **An siúlann** tú ann go minic?
B: **Siúlann**. **Siúlann** mé ann gach Sathairn.
A: **Siúlfaidh** mise leat amárach, mar sin.
B: Foirfe. **Cuirfidh** mé glaoch ort ar maidin.

## Conversation 1

Do you like **walking**?
Yes. **Would you walk** with me somewhere?
Certainly [**I would** gladly **walk**]!
**Did** you ever **walk** in Balboa Park?
No [**didn't walk**]. **Do** you **walk** there often?
Yes [**walk**]. I walk there every Saturday.
I will walk with you tomorrow, then.
Perfect. I'll call you in the morning [I **will put** a call on you]

## Ceisteanna 1

1. Ar **chuireamar** duine ar an ngealach?
2. An **gcuirfidh** muid duine eile ann?
3. An **ólann** páistí fíon?
4. An **siúlfadh** iasc ar an talamh?
5. An bhfuil sé ag **cur** báistí anois?
6. An bhfuil duine **curtha** againn ar Mhars?

## Questions 1

**Did we put** a person on the moon?
**Will** we **put** another person there?
**Do** children **drink** wine?
**Would** a fish **walk** on the ground?
Is it raining (**putting** rain) now?
**Have** we **put** a person on Mars?

## Ceisteanna 2

1. **An ólann** tú bainne ar maidin?
2. **An gcuireann** tú fínéagar ar sceallóga?
3. **Ar scríobh** tú dán as Gaeilge riamh?
4. **An léann** tú leabhair as Spáinnis?
5. **An gcuirfeá** citseap ar rís?
6. **An siúlfá** cosnochta sa sneachta?
7. **An siúlfaidh** tú ar an trá amárach?
8. An maith leat **siúl** ar an trá?
9. Ar mhaith leat **siúl** ar an ngealach?
10. **Ar rith** tú i rás riamh?

## Questions 2

**Do** you **drink** milk in the morning?
**Do** you **put** vinegar on fries?
**Did** you ever **write** a poem in Irish?
**Do** you **read** books in Spanish?
**Would you put** ketchup on rice?
**Would you walk** barefoot in the snow?
**Will** you **walk** on the beach tomorrow?
Do you like **to walk** on the beach?
Would you like **to walk** on the moon?
**Did** you ever **run** in a race?

| Irish | English |
|---|---|
| **<u>Dúnmharú ar an Dart 2</u>**<br>**le Ruadhraí Ó Báille** | **<u>Murder on the Dart 2</u>**<br>**by Ruadhraí Ó Báille** |
| 1. "Céard é seo? Céard é seo? Cé rinne é sin? £25 is ea an pionós má..." | "What's this? What's this? Who did that? £25 is the penalty if ..." |
| 2. Chonaic sé an fear ar an talamh. | He saw the man on the ground. |
| 3. "Otharcharr! Caithfimid otharcharr a fháil. | "Ambulance! We have to get an ambulance. |
| 4. Tá ospidéal i nDún Laoghaire, beidh muid ag stopadh ansin." | There is a hospital in Dún Laoighaire, we will be stopping there." |
| 5. Nuair a stop an traein i nDún Laoghaire, fuair Niall blaincéad ón oifig agus chuir sé ar an duine bocht é. | When he stopped the train in Dún Laoighaire, Niall got a blanket from the office and he poot it on the poor person. |
| 6. Faoin am seo bhí grúpa daoine timpeall ar an bhfear. | By this time there was a group of people around the man. |
| 7. Bhí an tiománaí ag rith suas síos an ardán mar amadán ag fanacht ar an otharcharr. | The driver was running up and down the platform like a fool waiting for the ambulance. |
| 8. Go tobann, chonaic sé na fir leis an sínteán, agus bhris sé tríd na daoine. | Suddenly, he saw the men with the stretcher, and he broke through the people. |
| 9. "Déan spás! Déan spás! Tá siad anseo." | "Make way! Make way! They are here." |
| 10. D'fhéach Niall ar a uaireadóir. | Niall looked at his watch. |
| 11. "Cúig chun a naoi. Caithfidh mé rith." | "Five to nine. I have to run." |
| 12. Chuaigh sé ar ais go dtí a shuíochán chun a chás a fháil. | He went back to his seat to get his case. |
| 13. Bhí cúpla duine fós sa charráiste agus ní cuma shásta a bhí orthu. | There were a few people still in the carriage and they did not seem happy. |
| 14. Thóg sé an cás agus d'imigh sé leis. | He took the case and went off. |
| 15. "Ní féidir liom tada eile a dhéanamh anseo. | "I can't do anything else here. |
| 16. Bhí an ceart aige. Bhí an scoil dúnta. | He was right. The school was closed. |
| 17. Bhí an t-ardmháistir, 'Biggles' i seomra na múinteoirí. | The headmaster, 'Biggles', was in the teacher's lounge. |
| 18. Nuair a chonaic sé Niall, rinne sé gáire. | When he saw Niall, he laughed. |
| 19. "Féarplé duit a mhic!" ar seisean. | "Fair play to you, son!" |
| 20. "Is tusa an t-aon duine amháin a tháinig isteach. | You're the only person who came in. |
| 21. Tá na bóithre an-dona." | The roads are very bad." |